# AP6 - Comhdhreasacht OCT/OCD
# Plean Ilbhliantúil 2027–2030

## Glao ar Ionchur - Páipéar Comhairliúcháin

20 Iúil 2026

DOC-090726-IMQ

EirGrid | ESB NETWORKS

JSOP Joint System Operator Programme

# Clár na nÁbhar

Réamhrá ..... 2
Cúlra ..... 2
Plan Idirthréimhseach 2026 ..... 2
Cuspóirí Straitéiseacha le haghaidh AP6 ..... 3
An Glao seo ar Ionchur: Plean Ilbhliantúil 2027–2030 ..... 3
Rannpháirtíocht leis an Tionscal 2026 ..... 4
Comhairliúchán maidir leis an nGlao ar Ionchur ..... 5
Cáipéisíocht Ábhartha ..... 5
Léargas ginearálta ..... 6
An Clár Comhpháirteach um Oibreoir Córais OCT/OCD ..... 6
An Clár Comhpháirteach um Oibreoirí Córais: Cúig Shruth Oibre ..... 6
Sruth oibre 1: Cur chuige Córais Iomláin (WOS) ..... 7
Sruth oibre 2: Córas Cumhachta Todhchaí Sláine (SFPS) ..... 10
Sruth Oibre 3: Teicneolaíochtaí Nua a Éascú (FNT) ..... 12
Sruth Oibre 4: Acmhainneachtaí Laghduithe a Chumasú sa Seoladh Anuas (CERDD) ..... 13
Sruth Oibre 5: Cumarsáid, Rannpháirtíocht agus Tuairisciú (CER) ..... 14
Pleanáil agus Amlíne Measúnaithe AP6 ..... 15
Ceisteanna agus Na Chead Chéimeanna Eile ..... 17

# Réamhrá

## Cúlra

Leis an bPáipéar Cinnidh ón gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) dar teideal “Creat Rialála AP5, Dreasachtaí agus Tuairisciú” (CRU/20/154), a foilsíodh i mí na Nollag 2020, tugadh dreasacht rialála isteach maidir le comhordú comhpháirteach idir an OCT agus an OCD. Cinntítear leis an dreasacht seo gur féidir le EirGrid, mar Oibritheoir Córais Tarchurtha (OCT), agus le Líonraí BSL, mar Oibreoir Córais Dáileacháin (OCD), cabhrú lena chéile chun a gcuid spriocanna a bhaint amach nó a gcuid pleananna a chur i gcrích, agus tugann sí luach saothair as comhoibriú éifeachtach idir an OCT agus an OCD.

Tá an comhoibriú idir an OCT agus an OCD in Éirinn ríthábhachtach chun aistriú fuinnimh rathúil a bhaint amach agus chun a chinntiú go mbeidh soláthar leictreachais láidir agus seasmhach san fhadtéarma. Ó foilsíodh an chéad Phlean Ilbhliantúil Comhpháirteach OCT/OCD in 2021, tá EirGrid agus ESB Networks ag obair i gcomhpháirtíocht chun spriocanna na hÉireann maidir le leictreachas in-athnuaite a bhaint amach agus chun tacú leis an mbóthar i dtreo an dícharbónaithe.

Tá sé i gceist leis an bPlean Ilbhliantúil (MYP) do 2027-2030, atá á fhorbairt faoi láthair, na príomhthascanna agus na príomhspriocanna a leagan amach a mbeidh an OCT agus an OCD ag obair ina dtreo le linn na tréimhse 2027–2030 thar na cúig shruth oibre de chuid an Chláir Chomhpháirtigh um Oibreoirí Córais (JSOP): An Córas ina Iomláine (WOS), Teicneolaíochtaí Nua a Éascú (FNT), Acmhainneachtaí Laghduithe a Chumasú sa Seoladh Anuas (CERDD), Córas Cumhachta Slán don Todhchaí (SFPS), agus Cumarsáid, Rannpháirtíocht agus Tuairisciú (CER).

Tá na sruthanna oibre seo bunaithe ar Chinneadh Deiridh AP6 an CRU (CRU2025197) agus léiríonn siad an creat rialála do chomhordú idir an OCT agus an OCD chomh maith leis an aiseolas ó pháirtithe leasmhara a fuarthas tar éis na nGlaonna ar Ionchur maidir le JSOP an OCT/OCD le linn na tréimhse AP5. Is mian linn ár mbuíochas a ghabháil leis na páirtithe go léir a chuir le forbairt na cáipéise seo agus rannpháirtíocht leanúnach leis na hoibreoirí córais a spreagadh.

## Plan Idirthréimhseach 2026

Le creat AP6, tugadh isteach cur chuige dhá chéim leis an bpleanáil don Chlár Comhpháirteach um Oibreoirí Córais. In áit tosú le Plean Ilbhliantúil (MYP) cúig bliana atá ag gluaiseacht ar aghaidh, d’iarr an CRU Plean Idirthréimhseach 2026 ar leithligh — a chuirfí isteach gan comhairliúchán poiblí — chun aghaidh a thabhairt ar Bhliain 1 de AP6. Ina dhiaidh sin, ceanglaítear Plean Ilbhliantúil cuimsitheach, a chlúdaíonn na ceithre bliana atá fágtha (2027–2030), a chur faoi bhráid an CRU faoin 30 Meán Fómhair 2026, tar éis Glao foirmiúil ar Ionchur.

Cuireadh an Plean Idirthréimhseach 2026 (CRU202647a) faoi bhráid an CRU i mí Feabhra 2026. Rinneadh an plean a struchtúrú thart ar na cúig shruth oibre AP6 agus leagadh amach ann na 21 gharsprioc atá beartaithe do Scórchárta Ualaithe 2026. D’fhoilsigh an CRU a chinneadh maidir le Scórchártaí Ualaithe 2026 sa Pháipéar Eolais CRU202647 an 6 Bealtaine

2026, ag dearbhú na gcloch mhíle, na gcritéar scórála agus na hualuithe airgeadais a formheasadh.

Thug an CRU faoi deara go raibh an plean comhordaithe idir an OCT agus an OCD “láidir go ginearálta agus go raibh ardleibhéal mionsonraí ag baint leis”, agus d’aontaigh sé go ginearálta leis na bearta a bhí beartaithe. Tá na cúig shruth oibre ualaithe go cothrom ar an Scórchárta Ualaithe.

## Cuspóirí Straitéiseacha le haghaidh AP6

I gcomhréir le Cinneadh Deiridh AP6 (CRU2025197), treoraítear an clár comhpháirteach ag cúig chuspóir straitéiseacha ardleibhéil:

1. Bonneagar agus acmhainneachtaí a sholáthar ar luas chun tacú le dícharbónú.
2. Éifeachtúlacht an chórais a fheabhsú agus leas na gcustaiméirí a chosaint ag an am céanna.
3. A chinntiú go gcomhlíonfar na caighdeáin maidir le slándáil an tsoláthair.
4. Líonraí níos cliste, níos solúbtha agus cumasaithe go digiteach a spreagadh.
5. Custaiméirí a chur i gcroílár na cinnteoireachta.

## An Glao seo ar Ionchur: Plean Ilbhliantúil 2027–2030

Baineann an páipéar comhairliúcháin seo, ina n-iarrtar ionchur, le forbairt Phlean Ilbhliantúil OCT/OCD 2027–2030 don Chlár Comhpháirteach um Oibreoirí Córais. Le chéile, déanfaidh Líonraí BSL agus EirGrid, le hionchur ó pháirtithe leasmhara, forbairt ar ghníomhaíochtaí agus garspriocanna beartaithe do na cúig shruth oibre do na blianta 2027, 2028 agus 2029, agus leagfaimid amach iad ar leibhéal ginearálta don bhliain 2030. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh tuilleadh athbhreithnithe a bheith i gceist le garspriocanna i dtreo dheireadh na tréimhse MYP, ós rud é go bhféadfadh an clár a bheith múnlaithe tuilleadh le linn na tréimhse AP6 ag an gcomhthéacs rialála, ag forbairtí reachtacha an AE agus ag tosaíochtaí an chórais atá ag athrú. Déanfar aon athruithe ábhartha a bhainistiú i gcomhréir leis an bpróiseas rialaithe athruithe an CRU, mar a shonraítear sa Chinneadh Deiridh AP6.

Is é an obair atá ar siúl faoi Phlean Idirthréimhseach 2026 an pointe tosaigh don Phlean Ilbhliantúil (MYP) seo. Rachfar ar aghaidh chuig na céimeanna cur chun feidhme le linn na tréimhse 2027–2030 le roinnt príomhshreafaí oibre a tionscnaíodh in 2026 — lena n-áirítear dearadh na Samhla Oibríochta OCT-OCD, an tionscnamh um Malartú Sonraí, an Bosca Gainimh do Stóráil Leictreachais, agus an clár bainistíochta cumhachta freasaithí. Tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfeadh páirtithe leasmhara a n-ionchur in iúl ag an gcéim seo chun na bealaí cur chun feidhme sin a mhúnlú agus chun a chinntiú go léiríonn an Plean Ilbhliantúil riachtanais an chórais leictreachais atá ag athrú i gcónaí.

D’fhonn aon amhras a sheachaint: ní dhéanfaidh an OCD ná an OCT tuilleadh comhairliúcháin maidir leis an bPlean Ilbhliantúil AP6 (2027–2030). Ní mór go gcuirfí an leagan críochnaithe den MYP faoi bhráid an CRU faoin 30 Meán Fómhair 2026. Eiseoidh an CRU a chinneadh maidir le hinsoláthartaí, le garspriocanna agus le hualuithe faoin 31 Nollaig 2026. Déanfar aon athruithe ina dhiaidh sin ar an bplean a bhainistiú i gcomhréir leis an bpróiseas rialaithe

athruithe atá leagtha síos ag an CRU, mar a shonraítear sa Chinneadh Deiridh AP6 (CRU2025197).

## Rannpháirtíocht leis an Tionscal 2026

In 2026, tá EirGrid agus ESB Networks tar éis dul i dteagmháil leis an tionscal trí struchtúr rialachais JSOP, lena n-áirítear sraith leanúnach seimineár gréasáin maidir le Samhail Oibríochta na Todhchaí do OCT-OCD (ag tógáil ar thrí sheimineár gréasáin chomhpháirteacha a reáchtáladh in 2024 agus 2025), an Grúpa Oibre um Samhail Oibríochta OCT-OCD, agus Comhairle Chomhairleach EirGrid maidir le 'Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú'. Reáchtáladh seimineár gréasáin poiblí, a chlúdóidh na cúig shraith oibre uile de chuid Chlár Comhpháirteach Oibreoirí an Chórais (JSOP) an 9 Iúil 2026. Beidh sleamhnáin agus ábhair ar fáil ar leathanach baile an chláir JSOP ar shuíomhanna gréasáin EirGrid agus Líonraí BSL.

# Comhairliúchán maidir leis an nGlao ar Ionchur

Tá tús curtha ag EirGrid agus Líonraí BSL leis an bpróiseas forbartha don Phlean Ilbhliantúil JSOP 2027–2030. Mar a cheanglaítear faoi chreat rialála AP6 (CRU2025197), leagfaidh an plean seo amach an cur chuige atá beartaithe againn maidir le comhordú idir OCT agus OCD don chuid eile de thréimhse AP6.

Leis an bPlean Ilbhliantúil 2027–2030, tógfar go díreach ar an bPlean Idirthréimhseach 2026 Agus sinn á forbairt, tabharfaimid an méid seo a leanas chun suntais:

- ••Dul chun cinn agus torthaí ón bPlean Idirthréimhseach 2026, lena n-áirítear garspriocanna a aistríodh chuig an gcéim cur chun feidhme;
- Cur chun feidhme céimnithe ar Shamhail Oibríochta na Todhchaí do OCT-OCD (cur chun feidhme luath do Chéim 1 dírithe ar an tréimhse 2027-2029; réiteach buan do Chéim 2 dírithe ar an tréimhse 2028–2030);
- Treochláir agus Treoirphlean DMSO Líonraí BSL, ina leagadh amach an tsamhail oibriúcháin do Mhargaí Dáileacháin agus Oibriúchán Córais le linn na tréimhse AP6.
- Clár 'Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú' agus Straitéis Chorparáideach 2026–2030 de chuid EirGrid;
- ••Forbairtí rialála áitiúla agus de chuid an AE, lena n-áirítear an Cód Líonra maidir le Freagairt don Éileamh, an Straitéis Náisiúnta um Éileamh ar Fhuinneamh, agus an Creat Beartais maidir le Stóráil Leictreachais;
- Forbairtí na Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais (STSC); agus
- Forbairt na gCód Eangaí agus Dáileacháin chun tacú leis an sprioc maidir le 80% den leictreachas a bheith in-athnuaite faoi 2030.

Tríd an nglao seo ar ionchur, iarraimid ar pháirtithe leasmhara ionchur a thabhairt maidir le forbairt Phlean Ilbhliantúil na Comhdhreasachta OCT/OCD AP6 (2027–2030), sula gcuirfear faoi bhráid an CRU é.

## Cáipéisíocht Ábhartha

Cuirimid fáilte roimh thuairimí ó pháirtithe leasmhara agus ionchur uathu maidir leis an gcur chuige beartaithe. Tá an cháipéisíocht seo a leanas ábhartha:

| Dreasacht | An Plean Roimhe Seo | Cáipéisí Ábhartha ón CRU |
|---|---|---|
| **Comhdhreasacht** OCT/OCD (Comhdhreasacht OCT/OCD AP6) | Plean Ilbhliantúil OCT/OCD 2026 (Plean Idirthréimhseach<br>Arna gcur isteach: Feabhra 2026 \| *Tagairt:* **CRU202647a** | **CRU2025197** – Cinneadh Deiridh AP6: Creat Rialála (Cuid 6.4)<br>**CRU2025200d** – Treoir AP6 d'Úsáideoirí - Iarscríbhinn D: Dreasachtaí Feidhmíochta |

| | | |
|---|---|---|
| | | **CRU202647** – Páipéar Eolais maidir le Scórchártaí Ualaithe AP6 2026 (6 Bealtaine 2026) |

# Léargas ginearálta

## An Clár Comhpháirteach um Oibreoir Córais OCT/OCD

In 2021, bhunaigh OCT agus OCD an Clár Comhpháirteach um Oibreoirí Córais (JSOP) chun a chinntiú go bhfuil na hoibreoirí córais ag obair le chéile ar bhealach comhordaithe, trédhearcach agus éifeachtúil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an chórais agus chun réitigh a sholáthar a chlúdaíonn an córas ina iomláine. Thacaigh an clár le héabhlóid earnáil leictreachais na hÉireann le linn na tréimhse AP5, tréimhse inar díríodh cuid mhór den obair ar dhearadh bunúsach agus ar thionscadail phíolótacha tosaigh. Faoi AP6, aistrítear an bhéim go cinntitheach chuig soláthar tapa, ullmhacht oibríochtúil agus torthaí in-tomhaiste.

Feidhmíonn an clár faoi struchtúr rialachais trí shraith:

- **Bord Plé (BP):** Stiúrthóirí Feidhmiúcháin ó EirGrid agus Líonraí BSL Tugann siad treoir straitéiseach agus feidhmíonn sé mar chonair dheiridh mhéadúcháin. Tagann siad le chéile ar bhonn ráithiúil.
- **An Bord Idirchaidrimh Bainistíochta (MLB):** Ionadaithe sinsearacha ón dá eagraíocht. Tá siad freagrach as maoirseacht oibríochtúil, ceaduithe eagraíochtúla a fháil, agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá ag dul i méid. Tagann siad le chéile ar bhonn míosúil.
- **Fóram Soláthair Cláir (PDF):** Bainisteoirí Tionscadail agus Ceannairí Taisc ón OCT agus ón OCD Déanann siad an soláthar ó lá go lá a chomhordú thar sreafaí oibre agus cuireann siad rioscaí agus saincheisteanna faoi bhráid an MLB. Tagann siad le chéile ar bhonn seachtainiúil.

Faoi AP6, sanntar ainmniúchán ‘Páirtí Ceannais’ (Comhpháirteach, faoi cheannas OCT, nó faoi cheannas OCD) do gach tasc sa phlean chun a chinntiú go bhfuil soiléireacht ann maidir leis an bhfreagracht as an soláthar.

## An Clár Comhpháirteach um Oibreoirí Córais: Cúig Shruth Oibre

I gcás AP6, déantar measúnú ar an gClár Comhpháirteach um Oibreoirí Córais ar fud cúig shruth oibre trí chreat Scórchárta Ualaithe (CRU202647):

| Cód | Sruth oibre | Téarma |
|---|---|---|
| WOS | Cur chuige Córais Iomláin | Díríonn an sruth oibre seo ar an gcóras ina iomláine a bharrfheabhsú seachas déileáil leis an tarchur agus leis an dáileadh ar leithligh. Cuimsítear leis miondearadh agus cur chun feidhme céimnithe ar Shamhail Oibríochta OCT/OCD, |

| Cód | Sruth oibre | Téarma |
|---|---|---|
| | | chomh maith le comhoiriúnú le Cód Líonra an Aontais Eorpaigh maidir leis an bhFreagairt ar Éileamh. |
| SFPS | Córas Cumhachta Todhchaí Sláine | Leis an gcur chuige seo, tugtar aghaidh ar dhúshláin agus ar dheiseanna sa mheántéarma agus san fhadtéarma a eascraíonn as leibhéil arda úsáide fuinnimh in-athnuaite, méideanna móra acmhainní fuinnimh dáilte (DER), agus solúbthacht fhorleathan ar thaobh na héilimh. |
| FNT | Teicneolaíochtaí Nua a Éascú | Osclaítear leis seo próisis agus córais chun tacú le hoibríochtaí agus margaí comhordaithe OCT/OCD atá á bhforbairt. Tacaíonn sé go díreach le spriocanna Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an rialtais. |
| CERDD | Acmhainneachtaí Laghduithe a Chumasú sa Seoladh Anuas | Leis an sruth oibre seo, forbraítear tionscnaimh chomhpháirteacha atá dírithe ar acmhainneachtaí a fhorbairt a d'fhéadfadh laghdú a dhéanamh ar sheoladh anuas na giniúna in-athnuaite agus bunchlocha oibríochtúla agus anailíseacha a thógáil le haghaidh bainistíocht éifeachtach acmhainní in-athnuaite. |
| CER | Cumarsáid, Rannpháirtíocht agus Tuairisciú | Nua don AP6. Cuireann an sruth oibre seo trédhearcacht chun cinn i bpróisis chomhpháirteacha OCT/OCD trí chumarsáid éifeachtach, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus tuairisciú rialála struchtúrtha. |

Leagtar amach sna rannáin seo a leanas gníomhaíochtaí na bliana 2026 faoi gach sruth oibre, mar a bunaíodh iad sa Phlean Idirthréimhseach do 2026 (CRU202647a) (CRU202647). (CRU202647a) agus mar a dheimhnigh an CRU ina Páipéar Eolais maidir leis an Scórchárta Ualaithe (CRU202647). Cuirtear é seo ar fáil i gcomhar le gníomhaíochtaí táscacha don todhchaí atá á moladh lena bhforbairt tríd an bPlean Ilbhliantúil 2027–2030. Mar chuid den phróiseas forbartha don Phlean Ilbhliantúil, d'fhéadfaí na gníomhaíochtaí a mhiondealú ina gclocha míle níos mionsonraithe sa phlean deiridh. Chomh maith leis sin, níl sé i gceist go mbeadh an obair sa phlean deiridh teoranta don mhéid atá leagtha amach anseo – táimid ag leanúint de shreafaí oibre agus réimsí oibre breise a aithint, lena n-áirítear garspriocanna nach luaitear thíos faoi láthair, agus cuirimid fáilte roimh thuairimí na bpáirtithe leasmhara ina leith sin.

## Sruth oibre 1: Cur chuige Córais Iomláin (WOS)

In AP6, tá ról lárnach ag WOS maidir leis na cumais a theastaíonn do spriocanna na hÉireann do 2030 a sholáthar. Cuireann an sruth oibre chun cinn Samhail Oibríochta aontaithe

OCT/OCD chun an córas cumhachta a bhainistiú mar aonad comhtháite, ag cuimsiú réamhaisnéisí, comhiomlánú, seoladh, socraíocht, rialacha tosaíochta agus malartú sonraí. Tugann sé aghaidh freisin ar ailíniú oibríochtaí an mhargaidh mórdhíola agus seirbhísí solúbthachta áitiúla, agus cinntíonn sé próisis chomhpháirteacha chomhtháite le haghaidh bainistiú athraithe, rialachas agus tuairisciú.

Le linn AP5, rinne an OCT agus an OCD tionscnaimh bhunúsacha WOS a sholáthar, lena n-áirítear Dearadh Ardleibhéil don tSamhail Oibríochta, nósanna imeachta tosaigh maidir le malartú sonraí, agus plean creata don mhargadh agus d'oibríochtaí. In 2026, aistríodh an fócas go dtí an cur i gcrích: Céim 1 de mhiondearadh na Samhla Oibríochta a thabhairt chun críche, teacht ar chomhaontú maidir leis an gcur chuige i gcomhair chur chun feidhme Chéim 1 chun táirgí tosaigh solúbthachta OCD a chumasú, agus tús a chur le dearadh Chéim 2.

| Tagairt: | Garsprioc 2026 (CRU202647a / CRU202647) | Ionchas: 2027–2030 |
|---|---|---|
| WOS1.1 | Comhaontú maidir leis an gCur Chuige i leith Miondearadh Coincheapúil agus Cur Chun Feidhme Chéim 1 na Samhla Oibríochta (an dara leath de 2026) | Is é an cur chuige maidir le dearadh agus cur i bhfeidhm na Samhla Oibríochta a fheidhmíonn mar bhunphlean do Chéim 1 sa tréimhse 2027-2029. Leis an MYP 2027–2030, leagfar amach garspriocanna agus gníomhaíochtaí cur chun feidhme, chomh maith leis an dul chun cinn i dtreo na chéad táirgí solúbthachta OCD a chumasú, agus déanfaidh sé monatóireacht orthu freisin. |
| WOS1.2 | Miondearadh Coincheapúil na Samhla Oibríochta - Comhaontú maidir le Raon Feidhme Chéim 2 (an dara leath de 2026) | Cuireann raon feidhme comhaontaithe Chéim 2 (a chlúdaíonn na gnéithe eile atá riachtanach don tSamhail Oibríochta buan iomlán) le clár mionsonraithe deartha agus tógála atá dírithe ar an tréimhse 2028–2030. |
| WOS1.3 | Comhaontú maidir le Coincheap an Chreata Comhordúcháin OCT-OCD (an chead leath de 2026) | Leis an gCreat Comhordúcháin OCT-OCD, soláthraítear struchtúr comhchoiteann chun na rialacha, na próisis, na modheolaíochtaí, na prótacail, na comhéadain agus na socruithe rialachais ábhartha a |

| Tagairt: | Garspriocc 2026 (CRU202647a / CRU202647) | Ionchas: 2027–2030 |
|---|---|---|
| | | eagrú, d'fhonn cabhrú le comhordú a chur i bhfeidhm idir an OCT agus an OCD. Tá sé beartaithe tacú le creat na Samhla Oibríochta trí rialú athruithe a sheasfaidh an aimsir a chinntiú; déanfar é seo trí chumasú go sainaithneofar, go sainmhíneofar, go rialófar, go dtagrófar, go bhformheasfar agus go gcothófar comhpháirteanna breise de réir mar a fhorbróidh riachtanais an chórais agus chomhordúcháin le himeacht ama.<br><br>Tar éis comhaontú a bhaint amach maidir le coincheapa an chreata comhordúcháin, déanfar na hábhair a fhorbairt go foirmiúil agus a leabú mar shraith bhuan de phróisis agus de rialacha comhpháirteacha i rith na tréimhse 2027–2030. |
| WOS1.6 | Tábla Coibhéisí (ToE) Forbartha (an dara leath de 2026)* | Coinneofar agus déanfar an chéad leagan den ToE do sheirbhísí margaidh OCT/OCD — a forbraíodh chun comhlíonadh NCDR a chinntiú — a nuashonrú de réir mar a thiocfaidh táirgí solúbthachta nua agus oibleagáidí NCDR i bhfeidhm le linn na tréimhse 2027–2030. |
| WOS2.2 | Cód Líonra an AE maidir leis an bhFreagairt ar Éileamh – Measúnú Cur Chun Feidhme (an dara leath de 2026)* | Cuirfidh uirlis nuashonraithe chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh dlús le hailíniú próiseas idir OCTanna agus OCDanna de réir mar a shoiléirítear na hoibleagáidí NCDR. Áireofar sa phlean ilbhliantúil do 2027–2030 an treochlár cur chun feidhme a thiocfaidh as sin. |

| Tagairt: | Garsprioc 2026 (CRU202647a / CRU202647) | Ionchas: 2027–2030 |
|---|---|---|
| WOS3.1 / WOS3.2 | Malartú Srianta idir an OCT agus an OCD - Achoimre ar an Tionscadal (an chéad leath de 2026) agus Cairt an Tionscadail & Cur Chuige Maoinithe (an dara leath de 2026) | Nuair a bheidh sé bunaithe in 2026, rachaidh an tionscadal um Malartú Sonraí ar aghaidh go dtí céim an tsoláthair sna blianta 2027–2030; tacóidh sé le cnámh droma digiteach na Samhla Oibríochta agus leis na ceanglais faoin NCDR (lena n-áirítear an Córas Faisnéise Solúbthachta), agus beidh ceanglais éagsúla i gceist le cur chun feidhme Chéim 1 agus Chéim 2. |

* Faoi réir spleáchas ar fhoilsiú deiridh Cód Líonra an AE maidir leis an bhFreagairt ar Éileamh.

## Sruth oibre 2: Córas Cumhachta Todhchaí Sláine (SFPS)

Pléann sruth oibre SFPS leis na riachtanais oibríochtúla meántéarmacha go fadtéarmacha maidir le bainistíocht shlán ar chóras cumhachta a bhfuil méideanna arda giniúna in-athnuaite aige, DER suntasach, agus spleáchas méadaitheach ar sholúbthacht éilimh. Faoi AP6, tá súil ag an CRU go léireoidh oibreoirí an chórais conas a fheabhsaíonn obair le chéile torthaí maidir le slándáil agus iontaofacht an chórais, ag nuashonrú caighdeáin theicniúla, scéimeanna éigeandála, agus pleananna athchóirithe go réamhghníomhach laistigh de chreat comhordaithe.

In 2026, dírítear na príomhghníomhaíochtaí ar chaighdeáin nasctha agus cosanta eangaí nuashonraithe a chur chun feidhme staidéir ar Scaoileadh Ualaigh Minicíocht Íogair (UFLS) a chríochnú, agus athbhreithniú teicniúil comhpháirteach ar athchóiriú córais chumhachta a dhéanamh. Bogfaidh an tréimhse 2027–2030 ó staidéir agus modhnuithe cóid go cur i bhfeidhm, forfheidhmiú, agus leabú oibríochtúil, agus féadfar feabhsuithe tréimhsiúla breise sna réimsí seo a athbhreithniú agus a fhorbairt i dtreo dheireadh na tréimhse.

Cé nach bhfuil aon gharsprioc ann a bhaineann leis seo in 2026, d'oibrigh na hoibreoirí córais le chéile san am atá thart tríd an sruth oibre seo chun tacú le cur i bhfeidhm Straitéis Náisiúnta um Éileamh ar Fhuinneamh (NEDS) an CRU. Leanfaimid orainn ag obair le chéile tríd an sruth oibre SFPS seo agus trí shruthanna oibre ábhartha eile — CERDD ach go háirithe — maidir leis na gníomhartha atá fós ar feitheamh, amhail iad siúd a bhaineann le forbairt Aonad Tomhaltais Inseolta (DCUanna) agus le hoibleagáidí a bhaineann le solúbthacht éilimh. Aithnímid go bhfuil sé i gceist ag an CRU an chéad leagan eile den NEDS a fhorbairt. Is dócha go mbeidh gníomhaíochtaí breise ann mar thoradh air sin a dteastóidh comhordú ó oibreoirí an chórais ina leith – oibreoimid i gcomhar leis an CRU ar fhorbairt na ngníomhaíochtaí sin agus ar an gcaoi ar féidir iad a bhainistiú tríd an JSOP.

| Tagairt: | Garsprioc 2026 (CRU202647a / CRU202647) | Ionchas: 2027–2030 |
|---|---|---|
| SFPS3 | Caighdeáin Nuashonraithe maidir leis an Éileamh a Chur i bhFeidhm – Mionathrú Cód Dáileacháin (an dara leath de 2026) | Tar éis an togra chun an Cód Dáileacháin a leasú a chur isteach, déanfaidh an MYP 2027–2030 monatóireacht ar an gcur chun feidhme agus ar an gcomhlíonadh i dtaca leis na caighdeáin feidhmíochta nuashonraithe do chustaiméirí móra fuinnimh a bhfuil éileamh suntasach acu. |
| SFPS5 | Ceanglais Feidhmiúcháin le linn Ísealvoltais (UVRT) i gcás Gineadóirí de Chineál A a chur isteach lena bhformheas (an chead leath de 2026) | Tar éis formheas rialála a bheith faighte, déanfaidh an OCT agus an OCD bainistiú ar an sceideal forfheidhmithe agus ar an aistriú tionscail maidir le comhlíonadh na gceanglas 'Feidhmiúcháin le linn Ísealvoltais' (UVRT) thar thréimhse an MYP. |
| SFPS6.1 | Staidéir maidir le Scaoileadh Ualaigh Minicíocht Íogair (UFLS) [Scaoileadh Éilimh] a chur i gcrích (an dara leath de 2026) | Cuirtear torthaí na staidéir san áireamh i measúnú teicniúil cuimsitheach agus i bhfeabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar dhearadh na scéime UFLS. Táthar ag súil leis na hathruithe comhaontaithe a chur chun feidhme in 2027–2028. |
| SFPS7 | Athchóiriú an Chórais Chumhachta – Athbhreithniú Teicniúil (an dara leath de 2026) | Cuirfidh an tuarascáil chomhpháirteach ar mheasúnú teicniúil plean gníomhaíochta comhaontaithe ar fáil chun an próiseas athchóirithe do chóras cumhachta na bliana 2030 a nuashonrú, plean a chuirfear i bhfeidhm de réir a chéile le linn thréimhse an MYP. |

## Sruth Oibre 3: Teicneolaíochtaí Nua a Éascú (FNT)

Spreagann sruth oibre FNT comhtháthú teicneolaíochtaí nua ísealcharbóin agus seirbhísí córais nuálacha, ag cinntiú go gcuireann próisis OCT/OCD ar chumas trialacha, tionscadail phíolótacha agus feistiú na réiteach atá ag teacht chun cinn go héifeachtach. Deimhníonn Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025 de chuid na hÉireann an tábhacht straitéiseach a bhaineann le leictriú a luathú, stóráil a leathnú, agus cumais sholúbthachta a fhorbairt. Faoi AP6, tógann fócas FNT ar obair bhunúsach PR5 agus aistríonn sé ó phíolótaí tosaigh i dtreo clár oibríochta inbhuanaithe.

In 2026, cuirfidh ceithre gharsprioc FNT an Próiseas Trialach Cáilíochta chun cinn, feabhsóidh siad Clár Píolótach 2 (Tacair Treoracha Dinimiciúla), cuirfidh siad tús leis an mBosca Gainimh Stórála Leictreachais chun tacú leis an gCreat Náisiúnta um Beartas Stórála Leictreachais, chomh maith le tús a chur le cur chun feidhme MEC Comhroinnte Hibridí. Feictear na gníomhaíochtaí seo ag aibiú i bpróisis BAU agus i gcláir scálaithe suas sa tréimhse 2027–2030

| Tagairt: | Garsprioc 2026 (CRU202647a / CRU202647) | Ionchas: 2027–2030 |
|---|---|---|
| FNT1 | Comhoibriú OCT/OCD ar Thrialacha QTP (an dara leath de 2026)* | Leanfar le próiseas bliantúil na dtrialacha cáilíochta le linn na tréimhse MYP, trí thionscadail phíolótacha chomhordaithe a roghnú agus a chur i gcrích chun léargais ón bhfíorshaol a fháil agus chun teicneolaíochtaí nua a cháiliú do sheirbhísí córais |
| FNT3 | Feabhsuithe Thionscadal Píolótach 2 (Tacair Treorach Dhinimiciúla) a chur chun feidhme (an dara leath de 2026) | Tar éis an chláir feabhsúcháin do 2026, aistreofar socruithe Chlár Píolótach 2 i dtreo próisis BAU atá ailínithe le Samhail Oibríochta OCT/OCD, rud a chuirfidh ar chumas an OCT/OCD freagairt don éileamh go héifeachtach ar bhonn laethúil. |
| FNT5 | Tús a chur le Tionscadal Bosca Gainimh um Stóráil Leictreachais (an dara leath de 2026)** | Bogfaidh an Bosca Gainimh um Stóráil Leictreachais, ar sainíodh a raon feidhme in2026, chuig céim na meastóireachta agus na scálaithe féideartha i rith na tréimhse 2027–2029, rud a chuirfidh bonn eolais faoi |

| Tagairt: | Garsprioc 2026 (CRU202647a / CRU202647) | Ionchas: 2027–2030 |
|---|---|---|
| | | chomhtháthú na dteicneolaíochtaí nua stórála fuinnimh sa chóras cumhachta amach anseo |
| FNT9 | Tús a chur le Cur Chun Feidhme Comhroinnte Hibridí MEC (an dara leath de 2026) | Cuirfear an Clár Cur Chun Feidhme Comhroinnte MEC — a seoladh in 2026 i ndiaidh chinneadh an CRU — i gcrích le linn thréimhse an MYP, rud a chuirfidh ar chumas saoráidí giniúna agus stórála atá suite san áit chéanna toilleadh an líonra a roinnt. |

* Faoi réir freagraí ar thairiscintí

** Faoi réir cheanglais DCEE

## Sruth Oibre 4: Acmhainneachtaí Laghduithe a Chumasú sa Seoladh Anuas (CERDD)

Leis an sruth oibre CERDD, neartaítear na bunúis oibríochtúla agus anailíseacha is gá chun leibhéil mhéadaitheacha giniúna in-athnuaite inathraithe a chomhtháthú, agus cobhsaíocht an chórais á cothabháil ag an am céanna. De réir mar a fhásann treá na bhfoinsí in-athnuaite i dtreo sprioc 80% RES-E, is tosaíocht ríthábhachtach don chóras é cumais chomhpháirteacha OCT/OCD a fhorbairt chun an seoladh anuas a laghdú. Le riachtanas Scórchárta Ualaithe an CRU, éilítear don sruth oibre seo go sainráite fianaise shoiléir a nascann gníomhaíochtaí comhoibríocha le laghdú ar chiorrú agus le buntáistí don chóras ina iomláine ar féidir a léiriú.

In 2026, díríonn na trí gharsprioc CERDD ar chomhordú na cumhachta freasaithí, ar thriail a bhaint as an bpróiseas bliantúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe na cumhachta freasaithí, agus ar phrótacail oibríochtúla a fhorbairt do naisc nua sholúbtha DER. Le MYP 2027–2030, cuirfear na hacmhainneachtaí sin i bpróisis BAU.

| Tagairt: | Garsprioc 2026 (CRU202647a / CRU202647) | Ionchas: 2027–2030 |
|---|---|---|
| CERDD4.1 | Triail ar an bPróiseas Bliantúil Athbhreithnithe ar Shocrúcháin na Cumhachta Freasaithí (an dara leath de 2026) | Déanfar meastóireacht ar an triail a bheidh ar siúl in 2026 agus glacfar leis an bpróiseas mar ghníomhaíocht bhunúsach bhliantúil ó 2027 i leith, lena ndéantar na socrúcháin cumhachta freasaithí a bhainistiú |

| Tagairt: | Garsprioc 2026 (CRU202647a / CRU202647) | Ionchas: 2027–2030 |
|---|---|---|
| | | go córasach ag gineadóirí gaoithe agus PV gréine atá nasctha leis an líonra dáileacháin. |
| CERDD4.3 | Pleanáil do Bhainistiú na Cumhachta Freasaithí ag Comhéadain Tarchurtha/Dáilte (An Dara Leath de 2026) | Cuirfear an plean comhpháirteach agus an treochlár comhaontaithe — lena n-áirítear grúpa oibre tiomnaithe agus socruithe rialachais — chun feidhme de réir a chéile i rith na tréimhse 2027–2030, agus tabharfar aghaidh ann ar shreabhadh cumhachta freasaithí ag Pointí Mór-Sholáthair. |
| CERDD6 | Prótacail do Naisc Nua Sholúbtha (an dara leath de 2026) | Déanfar an cur chuige maidir le Prótacail Oibriúcháin OCT/OCD a fhorbairt atá sonrach don suíomh i gcás gach suíomh nua giniúna solúbtha atá nasctha leis an líonra dáileacháin, chomh maith leis na prótacail sin a ailíniú le Samhail Oibríochta OCT/OCD, a leabú mar ghnáthphróiseas ar fud thréimhse an MYP. |

## Sruth Oibre 5: Cumarsáid, Rannpháirtíocht agus Tuairisciú (CER)

Tá an sruth oibre CER nua don AP6. Cinntítear leis go mbíonn léargas ag páirtithe leasmhara ar ghníomhaíochtaí comhpháirteacha OCT/OCD, go gcuirtear dearcthaí an tionscail san áireamh i bhforbairt an chláir, agus go ndéantar tuairisciú soiléir cruinn ar an dul chun cinn faoi AP6. Le critéir an Scórchárta Ualaithe an CRU don sruth oibre seo go léireofaí rannpháirtíocht éifeachtach le páirtithe leasmhara — lena n-áirítear comhairliúcháin poiblí — a sholáthraíonn bealach bríoch d'ionchur ón tionscal maidir le Samhail Oibríochta na Todhchaí OCT-OCD.

In 2026, leagann sruth oibre an CER an bonn le socruithe feabhsaithe maidir le rannpháirtíocht agus tuairisciú, lena n-áirítear an Plean um Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara, seimineár gréasáin poiblí, ionchuir chomhpháirteacha ón Aontas Eorpach, agus — mar cheanglas rialála gnáth-oibríochta — ullmhú agus cur isteach an MYP 2027–2030 seo.

| Tagairt: | Garspriocc 2026 (CRU202647a / CRU202647) | Ionchas: 2027–2030 |
|---|---|---|
| CER4 | Plean um Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara JSOP (an chead leath de 2026) | Déanfar an Plean um Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara, a cheadaíodh sa chéad leath de 2026, a nuashonrú go bliantúil agus a chur i bhfeidhm i rith na tréimhse 2027–2030, agus coinneofar trédhearcacht agus tacaíocht ó na páirtithe leasmhara ar bun agus an tSamhail Oibriúcháin agus gníomhaíochtaí eile sa JSOP á gcur i gcrích. |
| CER5 | Seimineár Gréasáin Poiblí agus Aiseolas ó Chustaiméirí (an dara leath de 2026) | Reáchtálfar clár leanúnach bliantúil de sheimineáir ghréasáin phoiblí le linn thréimhse an MYP, chun nuashonruithe trédhearcacha a sholáthar don tionscal maidir le dul chun cinn an JSOP agus chun aiseolas struchtúrtha a bhailiú. |
| CER6 | Ionchur ó Fhorbairtí Cóid Líonra an AE (an dara leath de 2026)* | Leanfar le hionchuir chomhpháirteacha OCT/OCD le próisis ENTSO-E agus Eintitis OCD an AE i gcaitheamh 2027–2030, lena gcinntítear go léirítear dearcthaí oibreoirí córais tarchuir na hÉireann i bhforbairt rialacha na hEorpa. |

* Faoi réir spleáchas ar fhoilsiú deiridh Cód Líonra an AE maidir leis an bhFreagairt ar Éileamh.

## Pleanáil agus Amlíne Measúnaithe AP6

Leagann creat AP6 amchlár struchtúrtha síos do phleanáil, do thuairisciú agus d'iniúchadh ar chomhordú idir OCT agus OCD thar thréimhse an athbhreithnithe praghais:

| Dáta | Garspriocc / Imeacht |
|---|---|
| Feabhra 2026 | Chuir an OCT agus an OCD plean idirthréimhseach neamhspleách comhpháirteach do 2026 agus Scórchárta Ualaithe beartaithe faoi |

| Dáta | Garsprioc / Imeacht |
|---|---|
| | bhráid na CRU (ní raibh gá le comhairliúchán poiblí i dtaca leis an bplean do 2026). |
| 6 Bealtaine 2026 | D'fhoilsigh an CRU an Páipéar Eolais maidir leis an Scórchárta Ualaithe do AP6 2026 (CRU202647), ina leagtar amach na garspriocanna ceadaithe, an treoir scórála agus na hualuithe airgeadais do 2026. |
| 20 Iúil – 28 Lúnasa 2026 (an comhairliúchán seo) | Cuideachtaí an líonra i mbun comhairliúchán le páirtithe leasmhara maidir leis an bPlean Ilbhliantúil 2027–2030. |
| 30 Meán Fómhair 2026 | Cuireadh an leagan críochnaithe den MYP 2027–2030 agus na Scórchártaí Ualaithe beartaithe a bhaineann leis faoi bhráid na CRU. |
| 31 Nollaig 2026 | Eisíonn an CRU a chinneadh maidir le hinsoláthartaí, le garspriocanna agus le hualuithe le haghaidh MYP 2027-2030. |
| an 30 Aibreán gach bliain (2027–2031) | Tuarascáil Bhliantúil ar Thorthaí curtha isteach ag an OCD agus ag an OCT, ina sonraítear an fheidhmíocht i gcomparáid leis an Scórchárta Ualaithe ón mbliain roimhe sin. |
| Go luath in 2027 | Iniúchadh neamhspleách agus measúnú an CRU ar fheidhmíocht na bliana idirthréimhsí 2026. |
| Go luath in 2029 | Iniúchadh neamhspleách agus measúnú an CRU ar bhlianta MYP 2027 agus 2028. |
| Go luath in 2031 | Iniúchadh neamhspleách agus measúnú an CRU ar bhlianta MYP 2029 agus 2030. |

Tá tuilleadh eolais maidir leis an bPlean Idirthréimhseach 2026 ar fáil in CRU202647a, arna fhoilsiú i dteannta Páipéar Eolais maidir le Scórchárta Ualaithe 2026 (CRU202647) ar shuíomh gréasáin an CRU.

# Ceisteanna agus Na Chead Chéimeanna Eile

Cuireann EirGrid agus Líonraí BSL fáilte roimh thuairimí ó pháirtithe leasmhara maidir le forbairt an Phlean Ilbhliantúil JSOP 2027–2030. Chun cuidiú le múnlú an phlean, leagamar amach roinnt ceisteanna sonracha thíos. Fáiltítear roimh fhreagraí spriocdhírithe ar cheisteanna aonair, mar aon le tuairimí ginearálta maidir leis an gclár. Ní gá gach ceist a fhreagairt.

Ní mór freagraí a chur isteach trí Thairseach Comhairliúcháin EirGrid nó trí bhosca poist Rannpháirtíocht Líonraí BSL: JSOP@esbnetworks.ie.

C1 - Raon Feidhme agus Garspriocanna
Léiríonn na gníomhaíochtaí atá leagtha amach i Roinn 4 na réimsí oibre atá sainaitheanta faoi láthair don tréimhse 2027–2030, ag tógáil ar an bPlean Idirthréimhseach do 2026. An bhfuil sruthanna oibre, réimsí oibre, nó garspriocanna sonracha ann a mheasann tú a bheith tábhachtach don tréimhse 2027–2030 nach bhfuil luaite thuas? Má tá, tabhair sonraí faoin ngníomhaíocht, faoina hábharthacht maidir le comhordú idir OCT agus OCD, agus faoin tréimhse ama a mholfá.

C2 - Samhail Oibriúcháin OCT-OCD
Is é cur i bhfeidhm céimneach na Samhla Oibríochta OCT–OCD an príomhoibleagáid soláthair do shruth oibre WOS i rith na tréimhse 2027–2030. An bhfuil gnéithe sonracha de dhearadh nó de chur i bhfeidhm na Céime 1 nó na Céime 2 a mheasann tú a bheith thar a bheith tábhachtach don phlean aghaidh a thabhairt orthu? An bhfeiceann tú aon rioscaí a bhaineann leis an soláthar — mar shampla maidir le rialacha margaidh, próisis oibríochtúla, nó malartú sonraí — ar cheart iad a léiriú i ngarspriocanna an MYP?

C3 - Teicneolaíochtaí Nua agus Na Tosaíochtaí Atá Ag Teacht Chun Cinn
An bhfuil teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, forbairtí margaidh, nó ceanglais rialála de chuid an Aontais Eorpaigh — nach bhfuil á gcur san áireamh faoi láthair i sruthanna oibre FNT nó CERDD — ar cheart don OCT agus don OCD tosaíocht a thabhairt dóibh le linn na tréimhse 2027–2030, dar leat? D'fhéadfadh rudaí ar nós stóráil leictreachais, teicneolaíochtaí a mhúnlaíonn an eangach, socruithe maidir le seirbhísí córais sa todhchaí, nó oibleagáidí a eascraíonn as Cód Líonra an AE maidir leis an bhFreagairt ar Éileamh a bheith i gceist leis seo, i measc nithe eile.

c4 - Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara
De réir mar atá an tSamhail Oibríochta OCT–OCD agus an clár JSOP níos leithne ag dul ar aghaidh chuig an gcéim cur chun feidhme, cén cineál rannpháirtíochta a mheasfá a bheadh ar an gcineál rannpháirtíochta is luachmhaire? Cuir in iúl cé acu comhairliúchán poiblí foirmiúil, grúpaí oibre teicniúla, seimineáir ghréasáin phoiblí, rannpháirtíocht dhéthaobhach nó formáidí eile a thabharfá tús áite dóibh, agus mínigh do réasúnaíocht.

C5 - Tuairimí Ginearálta

An bhfuil aon tuairimí eile agat maidir leis an gcur chuige atá beartaithe don MYP 2027–2030, nó maidir le Clár Comhpháirteach na nOibreoirí Córais i gcoitinne?

Tabhair faoi deara, sa cháipéis fhreagartha an chomhairliúcháin, is do thuairimí agus d'aiseolas laistigh de raon feidhme an chomhairliúcháin seo ó fhreagróirí an chomhairliúcháin amháin a fhreagróidh an OCD agus an OCT le chéile. Ní áireofar aon tuairimí ná aiseolas lasmuigh de raon feidhme an chomhairliúcháin seo sa cháipéis fhreagartha.

Má mharcáiltear do fhreagra mar fhreagra rúnda, ní roinnfear é lasmuigh de EirGrid cpt, Líonraí BSL, agus an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU). Mura bhfuil do fhreagra marcáilte mar fhreagra rúnda, roinnfear é go poiblí inár ndoiciméad freagartha comhairliúcháin, maidir lenár dtairseach consult.ie, agus le hÚdaráis Rialála, agus tá seans ann go roinnfear é le tríú páirtithe de réir mar a iarrtar sin.

Cuirfear an leagan críochnaithe den MYP 2027–2030 faoi bhráid an CRU faoin **30 Meán Fómhair 2026**. Táthar ag súil go n-eiseoidh an CRU a chinneadh maidir le hinsoláthartaí, le garspriocanna agus le hualuithe don tréimhse 2027–2030 faoin **31 Nollaig 2026**.